V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10935 – DNB / DANSKE BANK / SB1 / EIKA / BALDER / VIPPS / MOBILEPAY)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 367/06)

1. An 16 Meán Fómhair 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Vipps AS ("Vipps", an Iorua),

— DNB Bank ASA ("DNB", an Iorua),

— Sparebank 1 Betaling AS ("SB1", an Iorua),

— Eika VBB AS ("Eika", an Iorua),

— Balder Betaling AS ("Balder", an Iorua), agus

— MobilePay A/S ("MobilePay", an Danmhairg), faoi lánúinéireacht agus faoi lánrialú ag Danske Bank A/S ("Danske Bank", an Danmhairg).

Tabharfar Vipps agus MobilePay le chéile faoi eintiteas nua, agus gheobhaidh DNB, CB1, Eika, Balder, agus Danske Bank comhrialú ar an eintiteas nuachruthaithe de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí seirbhísí íocaíochta móibíleacha san Iorua é Vipps. Tairgeann Vipps seirbhísí íocaíochta atá oiriúnaithe do réimse cásanna íocaíochta éagsúla, lena n-áirítear íocaíochtaí duine le duine ("P2P"), íocaíochtaí ar an láthair ("POS"), íocaíocht le sonrach agus íocaíochtaí ar líne (r-thráchtáil),

— Cuireann MobilePay seirbhísí íocaíochta ar fáil sa Danmhairg agus tairgeann sé seirbhísí íocaíochta móibíleacha atá oiriúnaithe do réimse cásanna íocaíochta éagsúla, lena n-áirítear POS, P2P, íocaíocht le sonrasc agus r-thráchtáil,

— Is banc lánseirbhíse agus máthairghnóthas an DNB Group é DNB agus tá sé liostaithe ar Stocmhalartán Oslo. Cuireann an DNB Group seirbhísí baincéireachta, infheistíochta, árachais, bainistíochta sócmhainní agus réadmhaoine ar fáil do chustaiméirí miondíola, do chliaint chorparáideacha agus don earnáil phoiblí,

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

— Is cuideachta sealbhaíochta é SB1, cuideachta atá faoi úinéireacht faoi láthair ag 14 bhanc neamhspleácha de chuid na hIorua ar a bhfuil an t-ainm “Sparebank 1” agus a oibríonn i gcomhar a chéile ar ardán coiteann agus faoi bhranda coiteann,

— Is cuideachta sealbhaíochta é Eika atá ina chuid den Eika Alliance, comhaontas ina bhfuil 63 bhanc neamhspleácha de chuid na hIorua faoi láthair,

— Is cuideachta sealbhaíochta é Baldar ar le 13 bhanc neamhspleácha é faoi láthair,

— Is cuideachta seirbhísí airgeadais é Danske Bank atá lonnaithe sna tíortha Nordacha agus atá ionchorpraithe sa Danmhairg. Is banc lánseirbhíse é Danske Bank a chuireann seirbhísí baincéireachta miondíola agus mórdhíola, scéime pinsin, árachais saoil, airgeadais morgáiste, bainistíochta sócmhainní, bróicéireachta, réadmhaoine agus léasaithe ar fáil do chustaiméirí miondíola, do chliaint chorparáideacha agus don earnáil phoiblí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10935 - DNB / DANSKE BANK / SB1 / EIKA / BALDER / VIPPS / MOBILEPAY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË